Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

# Deontas um Athchóiriú ar Réadmhaoin Fholamh: Ciste na mBailte Croí Cónaithe

## Achoimre ar an Scéim

Ullmhaithe ag an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta
**gov.ie**

## Réamhrá

Tuigtear sa Phlean Tithíochta an Rialtais *Tithíocht do Chách*, go bhfuil deiseanna ann lenár gcathracha agus lenár mbailte a athmhúnlú, a bhunathrú chun feabhais agus chun forbairt chónaithe a mhéadú le fócas ar áiseanna agus ar an gcaighdeán maireachtála. Is cuid lárnach den fhreagra é aghaidh a thabhairt ar réadmhaoin fholamh agus ar thréigean, rud a leagtar amach i gcomhthéacs Chonair 4 ar 'Ag tabhairt aghaidh ar Réadmhaoin Fholamh agus ar ár Soláthar Reatha a Úsáid go hÉifeachtach'.

## Cuspóirí Chiste na mBailte Croí Cónaithe

Tá cuid mhór ceantar i gcathracha, i mbailte, i sráidbhailte agus in áiteanna tuaithe sa tír ag tabhairt aghaidh ar mhallacht na réadmhaoine foilmhe, a d'fhéadfadh beocht agus anam a chur leo agus cóiríocht nua a chur ar fáil sna ceantair sin dá gcuirfí ar ais in úsáid iad. Is tionscnamh lárnach é Ciste na mBailte Croí Cónaithe atá mar bhonn agus mar thaca ag na cuspóirí beartais seo atá leagtha amach i gConair 4 de *Thithíocht do Chách*.

Tá dhá scéim faoi Chiste na mBailte Croí Cónaithe a chuireann údaráis áitiúla ar fáil. Cuireann an **Deontas um Athchóiriú ar Réadmhaoine Fholamh** deontas ar fáil do dhaoine chun tacú le hathchóiriú ar réadmhaoin folamh agus faoin **Scéim Réidh le Tógáil** cuireann údaráis áitiúla láithreáin seirbhísithe ar fáil i mbailte agus i sráidbhailte ar ráta lascainithe do dhaoine aonair ar mian leo a dteach féin a thógáil.[1]

## An Deontas um Athchóiriú ar Réadmhaoine Fholamh

Seoladh An Deontas um Athchóiriú Réadmhaoine Foilmhe ar an 14 Iúil 2022 a théann chun tairbhe iad siúd ar mian leo teach nó foirgneamh a bhí folamh roimhe seo a iompú ina bpríomháit chónaithe phríobháideach.

Nuair a seoladh an deontas, cuireadh réadmhaoin fholamh i mbailte agus i sráidbhailte san áireamh. Cuireadh leis an deontas i Mí na Samhna 2022 chun réadmhaoin fholamh incháilithe a chur san áireamh i gcathracha, i mbailte, i sráidbhailte agus i gceantair tuaithe na tíre.

Ón 1 Bealtaine 2023, cuirfear arís leis an deontas d'iarratais ar réadmhaoin amháin a chuirfear ar fáil ar chíos, chomh maith le réadmhaoin amháin a bheidh ina príomháit chónaithe phríobháideach ag an úinéir. **Beidh dhá dheontas ar a mhéad ar fáil d'iarratasóir. Ní bheidh ach deontas amháin ar fáil chun réadmhaoin fholamh a chur ar fáil ar chíos.**

Tá Ciste na mBailte Croí Cónaithe dírithe ar thart ar 2,000 teach a chur ar fáil faoin mbliain 2025. Tá sonraí á mbailiú ar bhonn leanúnach. Cé go bhfuil athbhreithniú leanúnach á dhéanamh ar an scéim, déanfar athbhreithniú agus meastóireacht chuimsitheach fhoriomlán ar Chiste na mBailte Croí Cónaithe tráth nach déanaí ná lár 2024.

---

[1] Seoladh an Scéim Réidh le Tógáil ar an 21 Meán Fómhair 2022. Faoin Scéim, cuirfidh údaráis áitiúla láithreáin seirbhísithe ar fáil do cheannaitheoirí aonair i mbailte agus i sráidbhailte faoi lascaine de luach an mhargaidh chun a dteach a thógáil a bheidh ina phríomháit chónaithe phríobháideach acu. Tá sé i gceist go bhforbróidh an t-údarás áitiúil láithreá(i)n reatha atá faoina n-urláimh nó go gceannóidh siad láithreá(i)n agus go gcuirfear ar fáil iad le haghaidh forbartha trí sheirbhísí agus rochtain a chur ar fáil ar an láithreán/na láithreáin a mbaineann seo leo. Braithfidh leibhéal na lascaine don duine aonair ar leibhéal an chostais sheirbhísithe a thabhóidh an t-údarás áitiúil roimh dhíol an láithreáin le lascainí suas go huasmhéid €30,000. Léireofar méid na lascaine sin leis an gceannaitheoir i bpraghas díola an láithreáin.

## Leibhéil an Deontais um Athchóiriú na Réadmhaoine Foilmhe

Ón 1 Bealtaine 2023, beidh deontas suas le huasmhéid **€50,000** [2]ar fáil le haghaidh:

- athchóiriú a dhéanamh ar réadmhaoin fholamh le cónaí ann mar phríomháit chónaithe phríobháideach, agus
- réadmhaoin a chuirfear ar fáil ar chíos,

lena n-áirítear athchóiriú réadmhaoine nár úsáideadh mar réadmhaoin chónaithe go dtí seo, ach sin faoi réir cead pleanála cuí a bheith i bhfeidhm[3]. Tá sé seo faoi réir teorainneacha uachtaracha do na cineálacha oibre, a shonraítear thíos, ag féachaint do mheasúnú costais réasúnta ag an údarás áitiúil. Beidh costas CBL na n-oibreacha san áireamh sa deontas.

Sa chás go bhfuiltear ag súil go sáróidh na costais athchóirithe an deontas caighdeánach de suas le **€50,000**, beidh uasmhéid deontais bhreisithe suas le **€20,000** ar fáil sa chás go ndeimhníonn an t-iarratasóir go bhfuil an réadmhaoin tréigthe (i.e. contúirteach ó thaobh struchtúir de) nó má tá an réadmhaoin ar Chlár Láithreán Tréigthe an údaráis áitiúil cheana féin, rud a fhágann gur suas le huasmhéid **€70,000** an deontas iomlán atá ar fáil do réadmhaoin thréigthe. I gcás deontais bhreisithe i ndáil le réadmhaoin thréigthe nach bhfuil ar Chlár na Láithreán Tréigthe, ní mór tuarascáil neamhspleách arna hullmhú ag gairmí atá cáilithe go cuí a chur isteach iniata leis an iarratas, a dheimhníonn, ar shásamh an údaráis áitiúil, go bhfuil an réadmhaoin tréigthe.

Ón 1 Iúil 2023, tá tacaíocht bhreise ar fáil faoin Deontas Athchóirithe Réadmhaoine Folamh chun tacú le hathchóiriú a dhéanamh ar réadmhaoin fholmha agus thréigthe atá suite ar na hoileáin chun cuidiú leo iad a chur in úsáid arís.

Tá uasráta an Deontais Athchóirithe Maoine Folamh atá iníoctha suas le 20% níos airde do mhaoine fholmha agus thréigthe incháilithe ar oileáin cháilitheacha.

Is féidir teacht ar liosta de na hoileáin cháilitheacha ina bhfuil an cistiú breise seo ar fáil tríd an nasc seo a leanas a úsáid.

https://www.gov.ie/ga/foilsiuchan/645a3-oileain-mhara-a-bhfuil-conai-orthu/

Tugann sé seo na huasrátaí deontais d'athchóiriú réadmhaoine ar oileáin suas go dtí €60,000 chun sealúchais fholmha a athchóiriú agus €84,000 nuair a dheimhnítear go bhfuil an réadmhaoin tréigthe. Méadaítear freisin na huasteorainneacha costais do na catagóirí oibreacha aonair faoi 20%.

Ní mór dóibh siúd atá ag cur isteach ar an deontas a chur in iúl ar an bhfoirm iarratais má tá iarratas á dhéanamh acu ar réadmhaoin a bheidh ina príomháit chónaithe phríobháideach nó ar réadmhaoin a chuirfear ar fáil ar chíos. Ní mór é seo a chur in iúl ag an tús toisc go gcuirtear coinníollacha éagsúla i bhfeidhm ag brath ar an gcineál iarratais.

Ní mór dóibh siúd atá ag cur isteach ar an deontas a chur in iúl ar an bhfoirm iarratais freisin má tá siad ag cur isteach ar an Deontas Athchóirithe do Réadmhaoin Fholamh amháin nó ar an Deontas

[2] Ón 14ú Iúil 2022 go dtí an 30ú Aibreán 2023, bhí deontas suas le €30,000 ar fáil chun athchóiriú a dhéanamh ar réadmhaoin fholamh agus bhí deontas suas le €50,000 ar fáil chun athchóiriú a dhéanamh ar réadmhaoin thréigthe.

[3] Tá graíonn sé seo d'fhoirgneamh a úsáideadh roimhe seo le haghaidh úsáid tráchtála nó úsáid phoiblí

Athchóirithe do Réadmhaoin Fholamh agus an Deontas breisithe um Réadmhaoin Thréigthe mar chuid dó.

Braithfidh leibhéal an deontais iníoctha ar na hoibreacha atá ceadaithe ag an údarás áitiúil agus íocfar é ar chríochnú na n-oibreacha agus bunaithe ar an gcaiteachas deimhnithe tar éis don údarás áitiúil iniúchadh deiridh a dhéanamh.

D'fhéadfadh deontas don Scéim um Tithe le Fuinnimh Níos Fearr de chuid SEAI (Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann) [4]a bheith ar fáil in éineacht leis an deontas seo. Mar sin féin, ní chlúdófar oibreacha atá clúdaithe ag Scéim Tithe le Fuinneamh Níos Fearr ÚFIÉ faoin Deontas um Athchóiriú ar Réadmhaoin Fholamh. Caithfear an t-údarás áitiúil a shásamh nach ndéantar éileamh ar na hoibreacha beartaithe faoi aon deontas eile.

Maidir le réadmhaoin ar chíos, ceanglaítear ar gach tiarna talún de réir an dlí cloí leis na caighdeáin maidir le tithíocht ar cíos agus a chinntiú go bhfuil a gcuid réadmhaoine ag cloí go hiomlán le rialacháin um shábháilteacht ó dhóiteán agus íoschaighdeáin maidir le réadmhaoin ar chíos. Féach Rialacháin na dTithe (Caighdeáin do Thithe ar Cíos), 2019, https://www.irishstatutebook.ie/eli/2019/si/137/made/en/print. Mar chuid den dearbhú atá le síniú san fhoirm iarratais, ní mór d'iarratasóirí a aontú le bheith dílis do na caighdeáin sin agus iad a chomhlíonadh.

Tá an deontas ar fáil do dhaoine aonair nó do theaghlaigh a mbeadh an réadmhaoin mar phríomháit chónaithe phríobháideach acu nó d'iarratasóirí a chuirfidh an réadmhaoin ar fáil le ligean ar chíos ar an margadh príobháideach. Níl sé ar fáil do chuideachtaí cláraithe ná d'fhorbróirí. Ní féidir ach le daoine ainmnithe iarratais a dhéanamh.

## Conas a Oibríonn an Scéim

**Réadmhaoin Incháilithe**

Ní mór réadmhaoine a mheastar a bheith curtha san áireamh a bheith tógtha i 2007 nó roimhe[5]. Beidh fianaise a léiríonn seo ag teastáil mar chuid den iarratas ar dheontas.

**Cruthúnas ar Fholúntas**

Caithfidh an réadmhaoin a bheith folamh ar feadh dhá bhliain nó níos mó tráth an iarratais ar dheontas. Teastaíonn cruthúnas ar fholúntas chun tacú le hiarratais ar dheontas.

Is féidir deimhniú folúntais a bhailíochtú agus a fhíorú trí úsáid a bhaint, mar shampla, as billí fóntais, a d'fhéadfadh cabhrú le cinneadh a dhéanamh ar thréimhsí folúntais (e.g. úsáid leanúnach íseal nó nialasach leictreachais nó dícheangal ar feadh tréimhse dhá bhliain) nó cruthúnais eile mar é atá ar fáil. **Ní mór don údarás áitiúil deimhniú folúntais a bhailíochtú agus a fhíorú roimh cheadú deontais.**

[4] Áirítear le Deontais ÚFIÉ Insliú Áiléir suas le €1,700, Insliú Cuasbhalla suas le €1,700, Insliú Inmheánach suas le €4,500, Insliú ar Bhallaí Seachtracha suas le €8,000, Córais Teaschaidéil suas le €6,500, Fuinneamh Fótavoltach Gréine suas le €2,400. Tá tuilleadh sonraí ar fáil ar shuíomh gréasáin SEAI: www.seai.ie

[5] Roimh an 1 Bealtaine 2023, ní raibh ach réadmhaoin a tógadh roimh 1993 incháilithe don deontas.

**Tabhair faoi deara nach féidir le hiarratasóir réadmhaoin a fhágáil folamh gan cúis mhaith agus d'aon ghnó chun cáiliú don deontas.**

**Cruthúnas ar Thréigean**

Chun go measfar réadmhaoin a bheith tréigthe (i.e. nach bhfuil slán ó thaobh struchtúir de agus contúirteach), ní mór don iarratasóir é sin a dheimhniú trí thuarascáil neamhspleách arna hullmhú ag gairmí atá cáilithe go cuí a chur isteach leis an bhfoirm iarratais. Is féidir a mheas go bhfuil an réadmhaoin tréigthe freisin má tá sí ar Chlár Láithreán Tréigthe an údaráis áitiúil.

**Cruthúnas Úinéireachta**

Beidh cruthúnas úinéireachta ag teastáil chun tacú leis an iarratas ar dheontas.

Féadfaidh údarás áitiúil ceadú a thabhairt i bprionsabal don iarratas ar dheontas i gcás ina bhfuil an t-iarratasóir in ann fianaise a sholáthar ar idirbheartaíocht ghníomhach chun réadmhaoin a cheannach i.e. deimhniú rannpháirtíochta ó ghníomhaire eastáit nó úinéir na réadmhaoine agus sa chás go soláthraíonn an t-úinéir cibé fianaise maidir le folúntas a éilítear faoin scéim thar ceann an iarratasóra.

**Ní dheimhneofar ceadú den sórt sin i bprionsabal mar cheadú iomlán go dtí go n-aistreofar úinéireacht chuig an iarratasóir. Ní mór don údarás áitiúil a bheith sásta le deimhniú úinéireachta sular féidir aon airgead a íoc amach.**

Tá fianaise úinéireachta don íocaíocht deontais, a d'fhéadfadh an t-údarás áitiúil ábhartha a chur san áireamh, leagtha amach sa tábla thíos.

| Ceanglais Úinéireachta maidir le híocaíocht deontais | Samplaí de Chruthúnas a cheadaítear |
|---|---|
| Ní mór don úinéir a bheith ina dhuine aonair ar leis an teaghais (i gcomhpháirt nó gan i gcomhpháirt) agus ní mór don údarás áitiúil é féin a shásamh maidir leis an úinéireacht sula gceadaítear an deontas. | • Gníomhas teidil [6] nó ionstraim dlí chomhchosúil lena gcruthaítear úinéireacht na réadmhaoine;<br>• fianaise gur íocadh Cáin Mhaoine Áitiúil (CMÁ);<br>• ráiteas morgáiste dar dáta laistigh de 12 mhí anuas. |

[6] Is féidir gníomhas teidil a fháil ó Údarás Clárúcháin Maoine na hÉireann (www.prai.ie)

**Ceanglaítear ar an úinéir ábhartha cónaí san áit chónaithe mar phríomháit chónaithe phríobháideach aige nó aici nó an teaghais a chur ar fáil ar chíos ar chríochnú na n-oibreacha cáilitheacha don teaghais.**

Nuair is cuí, caithfidh an t-iarratasóir fianaise a chur isteach ar chead pleanála don fhorbairt / do na hoibreacha beartaithe nó dearbhú díolúine faoi na hAchtanna Pleanála.

Sa chás go bhfuil an t-iarratasóir chun an áit chónaithe a úsáid mar a bpríomháit cónaithe, ní mór dearbhú (ar an bhFoirm Iarratais) a chur ar fáil don údarás áitiúil go mbeidh an t-iarratasóir ag cónaí sa teaghais atá ina ábhar den iarratas nuair a bheidh na hoibreacha cáilitheacha don teaghais críochnaithe. Beidh coinníollacha aisghlámtha i bhfeidhm má stadann an t-iarratasóir de bheith ag cónaí sa teaghais mar phríomháit cónaithe laistigh den tréimhse deich mbliana ó íocadh an deontais.

Sa chás go bhfuil an t-iarratasóir chun an áit chónaithe a chur ar fáil ar chíos, ní mór an dearbhú (ar an bhFoirm Iarratais) a sholáthar don údarás áitiúil go gcuirfear an mhaoin ar fáil ar cíos agus go gclárófar tionóntacht leis an mBord um Thionóntachtaí Cónaithe (BTC) sula ndéanfar an deontas a tharraingt anuas. Beidh feidhm ag coinníollacha aisghlámtha mura bhfuil an réadmhaoin ar fáil níos le ligean ar cíos laistigh de dheich mbliana.

D'fhéadfadh sé go mbainfeadh forbairt le hathchóiriú ar réadmhaoin fholamh atá beartaithe chun cónaí ann a mbeadh gá le cead pleanála ina leith. Nuair is cuí, beidh ar iarratasóir faoin scéim fianaise a chur ar fáil go bhfuil cead pleanála faighte sula gceadaítear críochnúil an deontais. I gcásanna ina dtagann ceist chun cinn maidir le cé acu teastaíonn cead pleanála ó fhorbairt bheartaithe nó an forbairt dhíolmhaithe í, ceanglófar ar iarratasóir faoin scéim dearbhú díolúine a chur isteach faoi Alt 5, den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000. D'fhéadfadh an cheist seo teacht chun cinn go háirithe, i gcás athrú úsáide, réadmhaoine a bhí folamh ar feadh tréimhse fhada ama, agus réadmhaoin a bhfuil drochbhail amach agus amach uirthi agus a dteastaíonn oibreacha substaintiúla uathu araon.

I gcásanna ina bhfuil gá le cead pleanála don fhorbairt nó do na hoibreacha atá i gceist, féadfaidh an t-údarás áitiúil cead i bprionsabal a thabhairt don iarratas, go dtí go bhfaigheann an t-iarratasóir cead pleanála. Sna cúinsí seo, cuirfidh an t-iarratasóir sonraí ar fáil maidir lena n-iarratas pleanála reatha chun dul lena n-iarratas ar dheontas. Ní dheimhneofar aon cheadú deontais i bprionsabal mar cheadú iomlán go dtí go mbeidh cinneadh deiridh eisithe ag an údarás pleanála maidir leis an iarratas pleanála.

## Cineálacha Oibre a Chlúdaítear

Tá na catagóirí oibreacha seo a leanas i dteideal cúnamh deontais, faoi réir measúnú costais réasúnta ag an údarás áitiúil agus de réir na dteorainneacha le haghaidh oibreacha sonracha faoi mar atá leagtha amach sa tábla thíos. Ní mór na hoibreacha a cheadú roimh ré, tar éis don údarás áitiúil iniúchadh a dhéanamh ar an réadmhaoin a mbaineann sé léi.

Beidh riachtanais athchóirithe do gach réadmhaoin éagsúil ag brath ar chineál / méid / riocht an fhoirgnimh atá ann cheana féin. Tá leibhéil tairsí na gcostas a leagtar amach thíos bunaithe ar ghnáth-theach leathscoite, dhá stór, 3 leaba[7].

[7] Maidir le hoileáin, méadaítear na huasteorainneacha costais do chatagóirí oibreacha aonair faoi 20%

| Uimh. | Catagóir na nOibreacha | **Uasteorainn ar eilimintí sonracha (CBL san áireamh)** *bunaithe ar theach dhá stór, leathscoite, 3 shomra leapa* |
|---|---|---|
| 1 | **Scartáil* / Bain amach / Réiteach Láithreáin** (lena n-áirítear ábhair ghuaiseacha a bhaint) | Uasmhéid €50,000 do Dheontas Réadmhaoin Fholamh amháin<br>Uasmhéid €70,000 le Deontas do thréigiú san áireamh |
| 2 | **Oibreacha fostruchtúir** ((lena n-áirítear oibreacha ar bhunsraitheanna; ballaí a ardú; dúshraitheanna/leaca; taisdíonadh; fothaca) | Uasmhéid €50,000 do Dheontas Réadmhaoin Fholamh amháin<br>Uasmhéid €70,000 le Deontas do thréigiú san áireamh |
| 3 | **Oibreacha forstruchtúir** (lena n-áirítear oibreacha ar bhallaí inmheánacha/seachtracha simléir; urláir uachtaracha; staighrí; struchtúr dín; adhmaid struchtúracha eile) | Uasmhéid €50,000 do Dheontas Réadmhaoin Fholamh amháin<br>Uasmhéid €70,000 le Deontas do thréigiú san áireamh |
| 4 | **Críochnaithe** (lena n-áirítear oibreacha a bhaineann le doirse agus fuinneoga seachtracha; doirse inmheánacha agus a gcuid frámaí, imchásálacha agus earra iarainn; balastráidí cláir sciorta; díonléasacha; éadain/tarrchláir earraí báistí) | |
| 4a | críochnaithe seachtracha (lena n-áirítear doirse, fuinneoga, leaca) | €21,000 |
| 4b | críochnaithe inmheánacha (lena n-áirítear doirse, frámaí, imchlásálacha, earraí iarainn) | €7,000 |
| 4c | cláir sciorta | €3,500 |
| 4d | éadain, tairr, earraí báistí | €4,200 |
| 4e | críochnuithe dín (lena n-áirítear gealánacha, éadain, tairr, gáitéir, fánphíobáin) | €14,000 |
| 5 | **Bailchríocha** (lena n-áirítear bailchríocha ar bhallaí seachtracha/inmheánacha; bailchríocha síleála; bailchríocha tílithe / uiscedhíonacha ar limistéir fhliucha; bailchríocha dín) | |
| 5a | bailchríocha tílithe/uiscedhíonacha ar limistéir fhliucha | €2,800 |
| 5b | péinteáil agus maisiúchán | €10,500 |
| 5c | bailchríocha dín | €14,000 |
| 6 | **Seirbhísí** (lena n-áirítear pluiméireacht; téamh; aeráil; cumhacht; soilsiú; teileachumarsáid; brath deataigh/CO2) | Uasmhéid €50,000 do Dheontas Réadmhaoin Fholamh amháin<br>Uasmhéid €70,000 le Deontas do thréigiú san áireamh |
| 7 | **Feistis** (lena n-áirítear aonaid chistine; feistis sláintíochta/seomra folctha) | |
| 7a | aonaid chistine | €7,700 |
| 7b | feistis sláintíochta / seomra folctha | €2,800 |
| 8 | **Oibreacha Seachtracha** (oibreacha seachtracha / láithreáin riachtanacha arna ndéanamh laistigh de chúirtealáiste an láithreáin) | €7,000 |
| 9 | **Síneadh** laistigh de raon na forbartha díolmhaithe faoi rialacháin phleanála, nó mar chuid d'iarratas pleanála, más gá, mar chuid d'athchóiriú níos leithne | Uasmhéid €50,000 do Dheontas Réadmhaoin Fholamh amháin<br>Uasmhéid €70,000 le Deontas do thréigiú san áireamh |
| 10 | **Seirbhísí gairmiúla a bhaineann le hoibreacha** (táillí/suirbhéanna) | 10% + CBL den ghlanchostas tógála nó €14k, cibé acu is lú* |

*Cé gur féidir le hoibreacha scartála agus sínte a bheith mar chuid d'iarratas ar an Deontas um Athchóiriú ar Réadmhaoin Fholamh, ní mór de réir chuspóirí na scéime na hoibreacha sin a bheith mar chuid d'athchóiriú níos leithne ar an áit chónaithe atá ann cheana féin

## Coinníollacha an Deontais

Faoi réir an méid thuas, beidh na coinníollacha breise seo a leanas i bhfeidhm:

**Iarratais ar Dheontas chun Príomháit Chónaithe Phríobháideach a athchóiriú**

- Ní féidir le hiarratasóirí iarratas a dhéanamh ach ar dhá dheontas faoin scéim seo - sa chás go mbeidh réadmhaoin amháin ina príomháit chónaithe phríobháideach acu agus go mbeidh an dara ceann i ndáil le réadmhaoin a chuirtear ar fáil le ligean ar chíos. **Ní bheidh ach deontas amháin iníoctha maidir le réadmhaoin ar chíos**;
- Ní mór d'iarratasóirí fianaise a sholáthar ar chomhlíonadh cánach le himréiteach cánach ó na Coimisinéirí Ioncaim;
- Cáin Mhaoine Áitiúil a bheith in ord nuair is cuí;
- Ní mór d'iarratasóirí aontú leis na coinníollacha aisghlámtha;
- Ní mór d'iarratasóirí caiteachas deimhnithe a chur ar fáil do na hoibreacha a dhéanfar;
- Nuair a fhaigheann iarratas ar dheontas cead, ní mór d’iarratasóirí oibreacha a ndearnadh iarratas orthu a chur i gcrích laistigh de thréimhse 13 mhí.

**Iarratais ar Dheontas chun réadmhaoin a athchóiriú a bheidh ar fáil le ligean ar chíos**

- Ní féidir le hiarratasóirí iarratas a dhéanamh ach ar dhá dheontas faoin scéim seo - sa chás go mbeidh réadmhaoin amháin ina príomháit chónaithe phríobháideach acu agus go mbeidh an dara ceann i ndáil le réadmhaoin a chuirtear ar fáil le ligean ar chíos. **Ní bheidh ach deontas amháin iníoctha maidir le réadmhaoin ar chíos**;
- Ní mór d'iarratasóirí fianaise a sholáthar ar chomhlíonadh cánach le himréiteach cánach ó na Coimisinéirí Ioncaim;
- Cáin Mhaoine Áitiúil a bheith in ord nuair is cuí;
- Ní mór d'iarratasóirí aontú leis na coinníollacha aisghlámtha;
- Ní mór d'iarratasóirí caiteachas deimhnithe a chur ar fáil do na hoibreacha a dhéanfar;
- Mionnscríbhinn sínithe lena ndeimhnítear nach ndearnadh iarratas chun críocha cíosa roimhe seo ar an Deontas;
- Nuair a fhaigheann iarratas ar dheontas cead, ní mór d’iarratasóirí oibreacha a ndearnadh iarratas orthu a chur i gcrích laistigh de thréimhse 13 mhí.

Ní féidir le hiarratasóirí ach leas a bhaint as dhá dheontas ar a mhéad, uair amháin maidir le príomháit chónaithe phríobháideach agus uair amháin maidir le réadmhaoin atá le cur ar fáil ar cíos. **Ní bheidh ach deontas amháin iníoctha maidir le réadmhaoin ar chíos**. Cinnteoidh ha húdaráis áitiúla go ndéantar seiceáil mar is ceart ar sheoltaí ina leith sin.

Maidir le réadmhaoin ar cíos, ní mór cruthúnas ar chlárú na tionóntachta leis an BTC a chur ar fáil don údarás áitiúil sula dtarraingeofar anuas an deontas. Ní mór fianaise ar chlárú bliantúil tionóntachta leis an BTC a chur faoi bhráid an údaráis áitiúil a bhronn an deontas ar feadh tréimhse deich mbliana tar éis an deontas a fháil (féach na forálacha aisghlámtha thíos). Déanfaidh na húdaráis áitiúla seiceáil chun é seo a dheimhniú.

Maidir le réadmhaoin ar chíos, ceanglaítear ar gach tiarna talún de réir an dlí cloí leis na caighdeáin maidir le tithíocht ar chíos agus bac heart dóibh a chinntiú go gcomhlíonann a gcuid réadmhaoine go hiomlán na rialacháin maidir le sábháilteacht ó dhóiteáin agus caighdeáin íosta le haghaidh réadmhaoine cíosa.

Féach ar https://www.irishstatutebook.ie/eli/2019/si/137/made/en/print

D'fhéadfadh ceannaitheoirí a bhaineann tairbhe as an deontas seo a bheith incháilithe freisin d'Iasacht Tí Údaráis Áitiúil (i gcás príomháit chónaithe phríobháideach), nó deontais iarfheistithe faoin Scéim um Thithe le Fuinneamh Níos Fearr. I gcás deontais iarfheistithe, ní chuirfidh an t-údarás áitiúil an Deontas um Athchóiriú ar Réadmhaoin Fholamh ar fáil don obair chéanna.

Cinnteoidh údaráis áitiúla nach bhfuil cúnamh deontais faighte ag na hoibreacha le scéim ar bith eile agus beidh ar iarratasóirí aon fhaisnéis a iarrfaidh údarás áitiúil a chur ar fáil maidir le haon chúnamh deontais eile le haghaidh oibreacha a ndéantar iarratas orthu.

## Aisghlámadh

Éilítear go mbeidh cónaí ar an iarratasóir sa réadmhaoin cháilitheach nó go gcuirfidh sé ar fáil í le ligean ar cíos ar feadh tréimhse cúig bliana ar a laghad ó dháta íoctha an deontais. Má dhíolann sé an réadmhaoin ag am ar bith, nó má scoireann sé de bheith ina bpríomháit chónaithe phríobháideach, nó mura bhfuil an réadmhaoin ar fáil le ligean ar chíos a thuilleadh laistigh de dheich mbliana ón deontas a íoc, ní mór dó gné de luach iomlán an deontais a aisíoc leis an údarás áitiúil, mar seo a leanas:

| Suas le 5 bliana | Os cionn 5 bliana agus níos lú ná nó cothrom le 10 mbliana | Os cionn 10 mbliana |
|---|---|---|
| 100% de mhéid airgeadaíochta an deontais | 75% de mhéid airgeadaíochta an deontais | Gan aon Aisghlámadh |

I gcás titim i luach na réadmhaoine, beidh an méid iomlán airgeadaíochta, faoi réir an chéatadáin aisghlámtha thuas, inaisíoctha leis an údarás áitiúil.

Ní mór fianaise ar chlárú bliantúil tionóntachta leis an mBord um Thionóntachtaí Cónaithe (RTB) a chur faoi bhráid an údaráis áitiúil gach bliain ar feadh tréimhse deich mbliana tar éis an deontas a íoc (má dhéantar an t-iarratas ar dheontas maidir le réadmhaoin ar chíos).

**Ní mór comhaontú (ina gcuimsítear an Fhoirm Iarratais shínithe, an Litir Cheadaithe shínithe agus an doiciméad Muirir shínithe) a thabhairt chun críche idir an t-údarás áitiúil agus an t-iarratasóir ina bhfuil an comhaontú aisghlámtha, lena n-áirítear muirear ar an réadmhaoin, a bheidh ina cheangal ar an iarratasóir nuair a thugtar faoi tharraingt anuas.**

## Litir Cheadaithe / Litir Cheadaithe i bprionsabal

Eiseofar litir cheadaithe d'iarratasóirí a n-éiríonn leo agus áireofar inti méid an deontais fhaofa. Tugtar faomhadh ó dháta eisiúna na litreach agus beidh sé bailí ar feadh tréimhse 13 mhí. Ní mór d'iarratasóirí an litir a shíniú agus a sheoladh ar ais chun a dheimhniú go dtuigeann siad na téarmaí agus na coinníollacha a bhaineann leis an deontas. Beidh an litir shínithe seo chomh maith leis an bhFoirm Iarratais, mar chuid den chomhaontú idir an t-iarratasóir agus an t-údarás áitiúil.

Ní mór an doiciméad muirir dá dtagraítear thuas a shíniú agus a sheoladh ar ais chuig an údarás áitiúil, tar éis na hoibreacha a ndearnadh iarratas orthu a chríochnú agus sula n-eisítear an íocaíocht deontais.

Is í an Fhoirm Iarratais shínithe, an Litir Cheadaithe shínithe agus an doiciméad Muirir shínithe, an comhaontú idir an t-iarratasóir agus an t-údarás áitiúil.

## Feidhmiú agus Bainistiú an Chiste

Déantar feidhmiú an Deontais um Athchóiriú ar Réadmhaoin Fholamh a tharmligean chuig údaráis áitiúla a riarann an scéim.

**Céimeanna chun an Deontas a Mheasúnú agus a Cheadú**

Déanfaidh an t-údarás áitiúil:

- an fhoirm iarratais a sheiceáil lena chinntiú go bhfuil sí comhlánaithe go hiomlán, go bhfuil an dearbhú sínithe agus go bhfuil na doiciméid tacaíochta riachtanacha curtha isteach;
- measúnú ar an iarratas de réir na tosca atá leagtha amach sna codanna thuas;
- socrú go dtabharfaidh baill foirne teicniúla oiriúnacha cuairt ar an réadmhaoin chun a sheiceáil go bhfuil na hoibreacha a ndéantar iarratas orthu in ord agus measúnú a dhéanamh ar na costais réamh-mheasta mar atá leagtha amach san fhoirm iarratais;

- an t-iarratasóir a chur ar an eolas i scríbhinn faoi thoradh an iarratais agus leibhéal an deontais a ceadaíodh (lena n-áirítear iarratais ag lorg faomhadh i bprionsabal).

**Sula n-íocfar an deontas:**

- I gcásanna inar deonaíodh ceadú i bprionsabal, ní mór cruthúnas úinéireachta a sholáthar **sular** féidir an deontas a íoc.
- maidir le réadmhaoin atá á cur ar fáil le ligean ar chíos, teastaíonn fianaise gur chláraigh an t-iarratasóir an tionóntacht leis an mBord um Thionóntachtaí Cónaithe.

Sula n-íocfar an deontas, beidh fianaise ag teastáil ón údarás áitiúil amhail sonrasc/sonraisc atá mionsonraithe go cuí le haghaidh na n-oibreacha a críochnaíodh. Tabharfaidh an t-údarás áitiúil cuairt deiridh ar réadmhaoin chun athbhreithniú a dhéanamh go bhfuil an obair curtha i gcrích ar aon dul leis an iarratas ar dheontas agus de réir mar a dheimhnítear sna doiciméid shonraisc a chuirtear ar fáil. Nuair a bheidh an t-údarás áitiúil sásta, íocfar an deontas.

gov.ie/housing

An Roinn Tithíochta Rialtas Áitiúil agus Oidhreachta

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland